Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/888

26.3.2024

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/888 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22 Márta 2024**

**maidir le neamh-fhormheas substaintí gníomhacha áirithe lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 89(1), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún ([2]), in Iarscríbhinn II de, bunaítear liosta de theaglamaí de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí a áirítear sa chlár athbhreithniúcháin ar shubstaintí gníomhacha atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha.

(2) I gcás roinnt teaglamaí de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí a áirítear sa liosta sin, rinne na rannpháirtithe uile a dtacaíocht a tharraingt siar nó meastar go ndearna siad a dtacaíocht a tharraingt siar in am trátha.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') cuireadh oscailte chun ról an rannpháirtí a ghlacadh i gcás na dteaglamaí sin de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí nár glacadh ról an rannpháirtí ina leith roimhe sin. I gcás na dteaglamaí sin, níor cuireadh aon fhógra faoi bhráid na Gníomhaireachta laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear le hAirteagal 14(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 20, an chéad mhír, pointe (b), den Rialachán Tarmligthe sin, níor cheart na teaglamaí sin de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí a fhormheas lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha. Is iad seo a leanas na teaglamaí de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí sin:

(a) défheinil-2-ól (cineál táirge 7);

(b) démheitildéthiacarbamáit photaisiam (cineálacha táirgí 9, 11, 12);

(c) airgead-poileitiléinimín-clóiríd (cineálacha táirgí 1, 2, 9);

(d) táirgí imoibriúcháin ó aigéad glútamach agus N-(C12-C14-ailcil)próipiléindé-aimín (Glúcaprótaimín) (cineálacha táirgí 2, 4);

(e) pola(ocsa-1,2-eatáindé-il),.alfa.-[2-(dé-dheicilmeitiolamóin)eitil]-.óimige.-hiodrocsa, própanóáit (salann) (Bardap 26) (cineálacha táirgí 2, 4, 10).

(4) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014, chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún ar an eolas faoi na teaglamaí de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí sin ar tharraing na rannpháirtithe uile a dtacaíocht siar ina leith nó a meastar gur tharraing siad siar a dtacaíocht ina leith in am trátha, agus ar teaglamaí iad a raibh ról an rannpháirtí glactha ina leith roimhe sin. I gcomhréir le hAirteagal 20, an chéad mhír, pointe (a), den Rialachán Tarmligthe sin, is iad seo a leanas na teaglamaí de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí sin nár cheart a fhormheas lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha:

(a) 2,2-Débhróma-2-cianaicéataimíd (DBNPA) (cineál táirge 2);

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/1062/oj).

(b) clóirín gníomhach a gineadh ó heicsihiodráit chlóiríde mhaignéisiam agus ó chlóiríd photaisiam trí leictrealú (cineál táirge 2);

(c) Gairleog, eastóscáin - *Eastóscaigh agus a ndíorthaigh a ndearnadh modhnú fisiciúil orthu amhail tintiúir, concréití, absalóidí, blátholaí, olaroisíní, teirpéiní, codáin saor ó theirpéin, driogáití, iarmhair, etc., a fhaightear ó Allium sativum, Liliaceae* (cineál táirge 19);

(d) branda (cineál táirge 19).

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Níl na substaintí gníomhacha a liostaítear san Iarscríbhinn formheasta le haghaidh na gcineálacha táirgí a shonraítear inti.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Teaglamaí de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí nach bhfuil formheasta:

| **Uimhir Iontrála in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1062/2014** | **Ainm na substainte** | **An Ballstát is Rapóirtéir** | **Uimhir CE** | **Uimhir CAS** | **An cineál táirge/na cineálacha táirgí** |
|---|---|---|---|---|---|
| 92 | Défheinil-2-ól | ES | 201-993-5 | 90-43-7 | 7 |
| 187 | Démheitildéthiacarbamáit photaisiam | SE | 204-875-1 | 128-03-0 | 9, 11, 12 |
| 1076 | Airgead-poileitiléinimín-clóiríd | SE | Níl sí ar fáil | Níl sí ar fáil | 1, 2, 9 |
| 494 | 2,2-Débhróma-2-cianaicéataimíd (DBNPA) | DK | 233-539-7 | 10222-01-2 | 2 |
| 1051 | Clóirín gníomhach a gineadh ó heicsihiodráit chlóiríde mhaignéisiam agus ó chlóiríd photaisiam trí leictrealú | FR | Níl sí ar fáil | Níl sí ar fáil | 2 |
| 779 | Táirgí imoibriúcháin ó aigéad glútamach agus N-(C12-C14-ailcil) próipiléindé-aimín (Glúcaprótaimín) | DE | 403-950-8 | 164907-72-6 | 2, 4 |
| 869 | Pola(ocsa–1,2-eatáindé-il),.alfa.-[2-(dé-dheicilmeitiolamóin) eitil]-.óimige.-hiodrocsa, própanóáit (salann) (Bardap 26) | IT | Polaiméir | 94667-33-1 | 2, 4, 10 |
| 1071 | Gairleog, eastóscáin *Eastóscaigh agus a ndíorthaigh a ndearnadh modhnú fisiciúil orthu amhail tintiúir, concréití, absalóidí, blátholaí, olaroisíní, teirpéiní, codáin saor ó theirpéin, driogáití, iarmhair, etc., a fuarthas ó Allium sativum, Liliaceae.* | AT | 232-371-1 | 8008-99-9 | 19 |
| 1072 | Branda | le cinneadh | Níl sí ar fáil | Níl sí ar fáil | 19 |